

# An Garbhán

(The Gruffalo)

Gaelscoil Ultain

# **Foireann**

Páistí

Sionnach

Luch

Ulchabhán

Nathair

Garbhán

# Radharc 1

<u>Páistí</u>	Chuaigh luch ar strae sa choill, is bhuail sé le sionnach gan mhoill.
<u>Sionnach</u>	Ar strae atá tú? Ó mo bhrón, tar liom is íosfaimid lón.
<u>Luch</u>	Níl mé ar strae, tá mé ar lorg an Gharbháin.
<u>Páistí</u>	G-g-g-garbhán!
<u>Sionnach</u>	Garbhán, saghas amadáin an ea?
<u>Luch</u>	Amadán, An Garbhán? Ní hea, ní hea.
<u>Páistí</u>	Tá fiacla géara aige. (' <i>Snap</i> '.) Lámha móra. (' <i>Argh</i> !') Gáire scanrúil. (' <i>Mwahaha</i> !')
<u>Sionnach</u>	Cá bhfuil sé?
<u>Luch</u>	Ag teacht go luath, ag lorg sionnach Smarties.
<u>Páistí</u>	Sionnach Smartie!
<u>Sionnach</u>	Ahh, sionnach Smarties! ( <i>Ritheann sé amach.</i> )
<u>Luch</u>	Aha – amadán! Níl Garbhán ann ar chor ar bith!
<u>Páistí</u>	Lean an luch ar aghaidh sa choill.
<u>Ulchabhán</u>	Ar strae atá tú? Ó mo bhrón! Tar liom is íosfaimid lón.
<u>Páistí</u>	Twít twit twoo!
<u>Luch</u>	Níl mé ar strae tá mé ar lorg an Gharbháin.
<u>Páistí</u>	G-g-g-garbhán!
<u>Ulchabhán</u>	Garbhán? Saghas amadán an ea?
<u>Luch</u>	Amadán? An Garbhán? Ní hea, ní hea!
<u>Páistí</u>	Tá dhá ghlúin chrua air ( <i>wobble glúin</i> ) Is cosa chomh maith (' <i>stamp stamp</i> ') Agus spota nimhe ar a shrón (' <i>ugh ugh</i> ') 
<u>Ulchabhán</u>	Cá bhfuil sé?

<b><u>Luch</u></b> <b><u>Páistí</u></b>	Ag teacht go luath ag lorg uachtar reoite Ulchabháin. Uachtar reoite ulchabháin! ( <i>Éitlíonn sé.</i> )
<b><u>Luch</u></b>	Aha – amadán, níl Garbhán ann ar chor ar bith!
<b><u>Páistí</u></b>	Lean an luch ar aghaidh sa choill.
<b><u>Nathair</u></b>	Ar strae atá tú? Ó mo bhrón! Tar liom agus íosfaimid lón.
<i>Páistí: maracas agus hiss.</i>	
<b><u>Luch</u></b>	Níl mé ar strae, tá mé ar lorg an Gharbháin.
<b><u>Páistí</u></b>	G-g-ggarbhán!
<b><u>Nathair</u></b>	Garbhán? Saghas amadán an ea?
<b><u>Luch</u></b>	Amadán? An Garbhán, ní hea, ní hea!
<b><u>Páistí</u></b>	Tá dhá shúil bhuí aige. ( <i>'arhh, arhh'</i> ) Teanga dhubh ghránna ( <i>'yuk, yuk'</i> ) Gruaig chorcra ar a dhroim dána. ( <i>'aww, aww'</i> )
<b><u>Nathair</u></b>	Cá bhfuil sé?
<b><u>Luch</u></b>	Ag teacht go luath ag lorg nathair noodles!
<b><u>Páistí</u></b>	Nathair noodles! ( <i>Imíonn sé.</i> )
<b><u>Luch</u></b>	Aha – amadán! níl Garbhán ann ar chor ar bith!
<b><u>Páistí</u></b>	Ach, cé hé ina sheasamh agus ag gáire? G-g-ggarbhán!
<b><u>Garbhán</u></b>	Luch bheag dheas – íosfaidh mé thú gan im gan arán!
<b><u>Luch</u></b>	M-mise? Ná hith mise, uh ohh, tá mise ró...scanrúil
<b><u>Garbhán</u></b>	Tusa scanrúil? Ní hí, hó hó!
<b><u>Luch</u></b>	Lean mé is feicfidh tú!
<b><u>Garbhán</u></b>	Ceart go leor. Leanfaidh mé thú.
<b><u>Páistí</u></b>	Ar aghaidh leo sa choill.
<b><u>Garbhán</u></b>	Cad é sin?
<b><u>Páistí</u></b>	Hiss, hiss.

<b><u>Luch</u></b>	Nathair atá ann, bhuel mo chara, aon scéal?
<b><u>Nathair</u></b>	Argh! Mo mhamaí, mo mhamaí, ba mhaith liom mo mhamaí!
<b><u>Luch</u></b>	Aha ha! An bhfaca tú sin?
<b><u>Garbhán</u></b>	Tá a fhios agam anois nach bhfuil tú go deas!
<b><u>Páistí</u></b>	Ar aghaidh leo tríd an gcoill.
<b><u>Garbhán</u></b>	Cad é sin? ( <i>'Twit twit twoo'.</i> )
<b><u>Luch</u></b>	An t-ulchabhán atá ann.
<b><u>Ulchabhán</u></b>	Ah, caithfidh mise imeacht!
<b><u>Luch</u></b>	Sea, nach mise a bhí ceart!
<b><u>Garbhán</u></b>	Ní chreidim seo!
<b><u>Páistí</u></b>	Ar aghaidh leo tríd an choill.
<b><u>Garbhán</u></b>	Cad é sin?
<b><u>Luch</u></b>	An sionnach atá ann, mo bhuachaill bán.
<b><u>Sionnach</u></b>	Argh! Tá mo bhean ar an bhfón, s-s-slán!
<b><u>Luch</u></b>	An creideann tú anois?
<b><u>Garbhán</u></b>	Creideann cinnte.
<b><u>Luch</u></b>	Hmm. Tá ocras orm, ba mhaith garbhán le mo ghlasraí!
<b><u>Páistí</u></b>	Garbhán glasraí.
<b><u>Garbhán</u></b>	Ní bhfaighidh tú mise le hithe mar lón!
<b><u>Páistí</u></b>	Shuigh an luch síos.
<b><u>Luch</u></b>	Garbhán glasraí? Aha, b'fhearr liomsa cnó!